

# Ná lig do strus airgid d'oideachas a chur i mbaol

Cuireann an **Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn** tacaíocht airgid ar fáil do mhic léinn **lán-aimseartha nó páirt-aimseartha** a bhfuil deacrachaí airgeadais acu agus iad ag freastail ar an gcoláiste.

## CÉN ÚSÁID AR FÉIDIR LIOM A BHANT AS?

Cuirtear an **Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn** ar fáil chun cabhair a thabhairt le costais amhail:



## CAD IAD NA COSTAIS NACH GCLÚDAÍTEAR?

Níl táillí teagaisc, táillí cláraithe, aisíocaíochtaí iasachtaí mac léinn nó aon chostas a iompraíonn do choláiste clúdaithe faoin **gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn**.

## CÉ HIAD AR FÉIDIR LEO IARRATAS A DHÉANAMH AIR?

Is féidir le mic léinn atá ag déanamh cursa lán-aimseartha nó páirt-aimseartha a bhfuil dámhachtain ardoideachais mar chuspóir aige (Creat Náisiúnta Cáilíochta leibhéal 6-10) in ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus coláistí faofa eile in Éirinn iarratas a dhéanamh ar an gcuiste seo.

Spreagtar mic léinn pháirtaimseartha atá ina dtuismitheoirí aonair iarratas a dhéanamh mar go bhfuil cistíú breise curtha ar fáil chun tacaíocht a thabhairt don ghrúpa sin. D'fhéadfadh tacaíocht ón **gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn** a bheith ar fáil freisin do mhic léinn atá ag déanamh Máistreacht Ghairmúil san Oideachas, chun costais amhail socrúchán scoile a chlúdach.



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland

HEA

HIGHER EDUCATION AUTHORITY  
AN CÚDARAS um ARD-OIDEACHAS

## CONAS IS FÉIDIR LIOM IARRATAS A DHÉANAMH?

Má tá tú i gcuachás airgeadais, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an ofig seirbhísí rochtana nó le hofig seirbhísí na mac léinn chun tuilleadh eolais a fháil faoin **gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn**. Tá sé tábhachtach go gcuirfeá isteach d'iarratas a luithe agus is féidir. Tá dáta deiridh i bhfeidhm ag roinnt coláistí agus ba chóir duit a fháil amach cén t-am a bhfuil sé.

## CÉN DOICIMÉID A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIM CHUN IARRATAS A DHÉANAMH?

Cuirfidh do choláiste comhairle ort faoi na doiciméid a bheidh ag teastáil uait chun tacú le d'iarratas ar an **gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn**. D'fhéadfadh fianaise maidir le d'ioncam féin nó do thuismitheoirí agus admhlála do chostais amhail an cíos, billí nó cúram leanaí a bheith i gceist, nuair is cuí sin.

## AN NDÉANTAR AN TIARRATAS A MHEAS FAOI RÚN?

Déanann do choláiste d'iarratas ar an **gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn** riad go huile agus go hiomlán faoi rún. Tá aon fhaisnéis a thugann tú mar chuid de d'iarratas faoi chosaint ag rialacháin chosanta sonraí do choláiste.

## CONAS A DHÉANFAR M'IARRATAS A MHEASÚNÚ?

Breathnóidh do choláiste ar do dhálaí agus acmhainní pearsanta nuair atá siad ag déanamh measúnaithe ar d'iarratas ar an **gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn**. D'fhéadfadh coiste beag, ar a mbeadh an t-oifigeach rochtana agus an t-oifigeach leasa mic léinn, an cinneadh deiridh a ghlacadh maidir le d'iarratas.

## CÉ MHÉID AIRGID ATÁ I GCEIST LEIS AN GCISTIÚ?

Braitheann an méid airgid ar thorthaí an phróisis mheasúnaithe a leanann do choláiste.

Féach [www.studentfinance.ie](http://www.studentfinance.ie) chun tuilleadh eolais a fháil